Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0068(COD)**

**6715/23**
**ADD 1**

**CODEC 244**
**UK 23**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Aontais i ndáil le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

## Ráiteas ón Ungáir agus ón bPolainn

I gcomhréir leis na Conarthaí, níl cearta faisnéise Pharlaimint na hEorpa ar aon dul le cearta faisnéise na Comhairle i gcomhthéacs comhaontuithe idirnáisiúnta a chur chun feidhme. Tá bonn cirt leis an soláthar faisnéise leathnaithe ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa faoin rialachán seo i ngeall ar shainiúlacht an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, i.e. gur tugadh i gcrích le hiar-Bhallstát den Aontas iad.

Dá réir sin, ní féidir aon ní sa Rialachán seo a mheas mar léirmhíniú fairsing ar Airteagal 218 (10) CFAE, lena leagtar síos saincheart Pharlaimint na hEorpa chun a bheith curtha ar an eolas agus comhaontuithe idirnáisiúnta á gcaibidil agus á dtabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, measaimid go dtéann an fhaisnéis atá le soláthar chuig Parlaimint na hEorpa i gcomhthéacs chur chun feidhme na gComhaontuithe atá i gceist, mar a fhorordaítear in aithris 8, thar na cumhachtaí institiúideacha faoi seach faoi na Conarthaí, nach leagtar fasach ginearálta síos léi agus nár cheart í a athlua i rialacháin cur chun feidhme maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas amach anseo.